An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

NBHS
An tSeirbhís Oidhreachta
Tógtha Náisiúnta
National Built
Heritage Service

# Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha 2026

# Achoimre Treoirleabhar d'Iarratasóirí



## CAD É AN SCÉIM INFHEISTÍOCHTA OIDHREACHTA TÓGTHA (SIOT)?

Is scéim deontais Rialtais SIOT a úsáideann maoiniú ón tSeirbhís Náisiúnta maidir Oidhreachta Tógtha (NBHS) chun cabhrú le húinéirí agus caomhnóirí foirgneamh stairiúil na struchtúir thábhachtacha seo a chothabháil agus a chaomhnú. Is féidir le hiarratasóirí iarratas ar mhaoiniú a chur chuig a nÚdarás Áitiúil chun cabhrú leo oibreacha a dhéanamh ar a gcuid maoine.

Tá maoiniú ar fáil a chlúdaíonn suas le 80% den chostas a bhaineann le hobair cheadaithe a dhéanamh. Osclaítear iarratais gach samhradh don bhliain dár gcionn, agus cuirfear na hiarratasóirí rathúla ar an eolas i mí Eanáir gach bliain. Ní mór duit féin íoc as na hoibreacha agus gheobhaidh tú an maoiniú deontais ag deireadh na bliana.

**Is scéim deontais thar a bheith iomaíoch í SIOT le buiséad teoranta**. Déanfar measúnú ar iarratais agus leithdháilfear maoiniú bunaithe ar raon critéar, lena n-áirítear riocht an fhoirgnimh agus an cineál oibreacha atá beartaithe. Má fhormheastar maoiniú, is gnách nach bhformheastar an mhéid iomlán a iarrtar.

## CÉN CUSPÓIR ATÁ LEIS?

Cuireann foirgnimh stairiúla na hÉireann le beogacht ár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus tuath, faoi mar a chothaíonn siad bród áite. Is iad úinéirí agus áititheoirí na struchtúr atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt príomhchaomhnóirí na struchtúr féin, agus tá siadsan, i dteannta leis na hÚdaráis Áitiúla, freagrach as a gcosaint.

Ceaptar SIOT chun tacú le daoine agus iad ag tabhairt aire do na struchtúir seo. Ritheann sé taobh le Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) a cheadaíonn oibreacha caomhantais ar scála níos mó a dhéanamh ar struchtúir oidhreachta.

## CÉ IS FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH?

Cuireann SIOT maoiniú ar fáil le haghaidh oibreacha deisiúcháin/caomhnaithe ar na cineálacha foirgneamh (nó struchtúir incháilithe) seo a leanas:

1. **Struchtúir atá faoi chosaint (Dhéanmhais chosanta)** (foirgnimh atá liostaithe ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta laistigh dá gceantar Údaráis Áitiúil)
2. **Struchtúir atá faoi chosaint atá beartaithe** (foirgnimh a bhfuil sé beartaithe ag an Údarás Áitiúil iad a áireamh ar an liosta seo)
3. **Struchtúir i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna)** (foirgnimh atá suite laistigh de limistéir arna sainiú mar LCA ag a nÚdarás Áitiúil)
4. **Foirgnimh dhúchasacha**
5. **Aghaidheanna Siopaí Stairiúla**

Mura bhfuil tú cinnte cé acu atá do struchtúr incháilithe faoin scéim seo nó nach bhfuil, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an **Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta** i d'Údarás Áitiúil le soiléiriú a fháil.

## CÉ MHÉAD AR FÉIDIR LIOM IARRATAS A DHÉANAMH AIR?

Beidh an maoiniú a dheonfar do thionscadail rathúla idir **€2,500** agus uasmhéid de **€50,000**. Cinneann na hÚdaráis Áitiúla méid an mhaoinithe bunaithe ar a leithdháileadh iomlán chun freastal ar riachtanais agus práinn na dtionscadal atá beartaithe ar an mbealach is fearr, agus níl ach líon teoranta tionscadal ann a fhaigheann maoiniú ag na leibhéil níos airde.

**Ní mór nach mbeidh luach iomlán an mhaoinithe phoiblí ar fad a chuirtear ar fáil do thionscadail aonair níos mó ná 80% de chostas iomlán an tionscadail** agus is é an tÚdarás Áitiúil a shocraíonn é ar bhonn cás ar chás. Ciallaíonn sin go mbeidh ort ar a laghad 20% de chostas na n-oibreacha a íoc tú féin, ach i bhformhór na gcásanna beidh an figiúr seo níos airde ná sin. Ní féidir obair dheonach (sochar comhchineáil), cistí/ranníocaíochtaí na n-Údarás Áitiúil féin, nó maoiniú ó fhoinsí státchiste eile a úsáid chun an riachtanas maidir le cistiú meaitseála a shásamh.

Bunaithe ar an measúnú a dhéantar ar na hiarratas, leithdháilfidh gach Údarás Áitiúil maoiniú ar na hiarratasóirí rathúla laistigh dá gceantar. **Mar gheall ar an líon mór iarratasóirí ar ciste teoranta maoinithe, ní dócha go ndeonfar duit an méid iomlán a iarann tú**, mar go ndéanann Údaráis Áitiúla iarracht an maoiniú a scaipeadh ar thionscadail incháilithe chun cabhrú leis an oiread daoine agus is féidir gach bliain.

## CÉN CINEÁL OIBREACHA ATÁ INCHÁILITHE?

Is é príomhaidhm an SIOT maoiniú a dhéanamh ar oibreacha caomhnaithe foirgneamh ar nós na hoibreacha seo a leanas:

- Oibreacha struchtúracha/cobhsaíochta ar fhoirgneamh atá i mbaol
- Deisiúcháin dín, lena n-áirítear mionoibreacha agus oibreacha níos fairsinge
- Deisiúcháin ar earraí uisce báistí (gáitéir, fánphíobáin, srl.)
- Deisiúcháin ar bhallaí seachtracha, lena n-áirítear pointeáil agus rindreáil
- Siúinéireacht sheachtrach agus daingneáin sheachtracha
- Deisiúcháin agus caomhantas ar aghaidheanna siopa stairiúla
- Idirghabhálacha cuí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- Oibreacha a chuireann le carachtar LCA

Tá liosta iomlán d'Oibreacha Cáilitheacha/Neamhcháilitheacha ar fáil ag www.buildingsofireland.ie agus ar shuíomh gréasáin d Údaráis Áitiúil. Ba cheart dul i gcomhairle leis seo sula ndéantar iarratas.

## CATHAIN AGUS CÁ hÁIT A nDÉANTAR IARRATAS?

Ní mór iarratais a dhéanamh chuig an Údarás Áitiúil ábhartha (ag baint úsáid as an bhfoirm iarratais **A**). Is é an 26 Meán Fómhair 2025 an spriocdháta le haghaidh iarratas chuig an Údarás Áitiúil ábhartha. Toisc nach dtugtar leibhéal náisiúinta maoinithe na scéime seo chun críche go dtí deireadh na bliana, fógrófar sonraí na dtionscadal rathúla go luath i mí Eanáir 2026.

## CONAS A DHÉANAIM IARRATAS?

Tá ábhair iarratais ar fáil www.buildingsofireland.ie agus ar shuíomh gréasáin d'Údarás Áitiúil. Ba cheart d'iarratasóirí na doiciméid seo a chomhlánú, lena n-áirítear Foirm iarratais A agus ráiteas modha, agus iad a sheoladh ar ais chuig an Údarás Áitiúil ábhartha lena measúnú.

Déanann painéal saineolaithe laistigh den Údarás Áitiúil iarratais a mheasúnú faoi na critéir seo a leanas:

1. Tábhacht an Struchtúir
2. Éifeachtúlacht na nOibreacha
3. Cáilíocht na nOibreacha Beartaithe
4. Taitneamhacht Phoiblí

Tar éis do gach Údarás Áitiúil measúnú a dhéanamh ar na tionscadail go léir ina gceantar féin, molfaidh siad liosta tionscadal don Roinn. Fógróidh an Roinn ansin na tionscadail rathúla agus an leibhéal maoinithe atá deonta do gach ceann acu.

## CAD IS RÁITEAS MODHANNA ANN?

Is éard is ráiteas modha ann ná plean achomair ar na hoibreacha atá beartaithe agat a dhéanamh, agus is ceanglas é le haghaidh d'iarratais. Is féidir le Conraitheoir, Ailtire nó Gairmí Caomhnaithe a d'fhostaigh tú é, nó a thug meastachán duit chun na hoibreacha a dhéanamh, an ráiteas a chomhlánú. Ba chóir go ndéanfaí cur síos go hachomair ann ar riocht reatha an struchtúir, agus go dtabharfaí sonraí ar an gcaoi a ndéanfar na hoibreacha caomhnaithe/deisiúcháin. Ba chóir go mbeadh grianghraif de riocht reatha an fhoirgnimh san áireamh ann freisin.

Tá spás ar an bhfoirm iarratais le haghaidh ráiteas modha bunúsach, ach beidh fad agus leibhéal na sonraí a theastaíonn le haghaidh an ráitis mhodha ag brath ar an gcineál oibreacha a bhfuil tú ag déanamh iarratais orthu, agus is féidir doiciméadacht bhreise a sholáthar de réir mar is gá nó de réir mar a iarrann d'Údarás Áitiúil. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh leibhéal achomair mionsonraí ag teastáil chun fuinneoga a chaomhnú nó deisiú tuí a dhéanamh, agus beidh ráiteas modha níos faide ag teastáil chun rindreáil sheachtrach reatha a athsholáthar nó tabhairt faoi oibreacha caomhantais níos mó chun cur síos cruinn a dhéanamh ar a bhfuil beartaithe agat a dhéanamh leis an struchtúr.

**Gairmithe caomhnaithe foirgneamh atá cáilithe agus a bhfuil taithí chuí acu**, a mbeidh orthu a dheimhniú go bhfuil oibreacha curtha i gcrích ar chaighdeán sásúil, ní mór go ndéanfaidh siadsan oibreacha caomhantais a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair. Féach ar Alt 6.2 agus 6.3 de Chiorclán SIOT 2026 le haghaidh tuilleadh sonraí.

I gcás ina bhfuil saineolas sonrach do do thionscadal ag cineál cleachtóra caomhnaithe, ar nós tuíodóir nó saor cloiche, is féidir leo ról an ghairmí foirgníochta caomhnaithe a chomhlíonadh seachas ailtire caomhnaithe. Ar an gcaoi chéanna, i gcás nach mbaineann na hoibreacha beartaithe ach le deisiú nó athsholáthar macasamhail ar fhabraic atá ann cheana féin, **féadfaidh ceardaí caomhnaithe inniúil maoirseacht a dhéanamh ar na hoibreacha sin.**

**Is faoin Údarás Áitiúil atá sé a bheith sásta leis an ráiteas modha caighdeánach a cuireadh ar fáil**.

## CAD A THARLAÍONN MÁ FHAIGHTEAR FORMHEASA MAOINITHE?

Is féidir tús a chur le hoibreacha tógála nuair a fhaightear an Fógra Formheasa ó d'Údarás Áitiúil.

Déanann an tÚdarás Áitiúil monatóireacht ar dhul chun cinn i rith na bliana. Ceanglaítear orthu cuairteanna fisiciúla a thabhairt ar shuíomheanna le linn an tionscadail chun dul chun cinn na n-oibreacha a sheiceáil agus an Roinn a choinneáil ar an eolas.

Tá Údaráis Áitiúla freagrach as cistí a íoc le hiarratasóirí rathúla sula n-iarratar aisíocaíocht ó DHLGH. Ní mór don Údarás Áitiúil na hoibreacha go léir a chríochnú agus a dheimhniú sula bhféadfaidh an t-iarratasóir íocaíocht a iarraidh.

Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe, cuireann na hiarratasóirí an tÚdarás Áitiúil ar an eolas agus cuireann siad tús leis an bpróiseas forchúitimh trí gach admháil, cruthúnas ar íocaíochtaí agus grianghraf a chur isteach. Ar deireadh, tar éis dó a bheith deimhnithe go bhfuil na hoibreacha críochnaithe ar chaighdeán sásúil, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil an deontas cuí leis an iarratasóir agus tarraingeoidh sé anuas an méid iomchuí ón Roinn.

## CÉ LEIS A nDÉANAIM TEAGMHÁIL?

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil leis an **Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta** nó leis an **Oifigeach Oidhreachta** laistigh d’Údarás Áitiúil ar an gcéad dul síos. Is féidir ceisteanna breise a sheoladh chuig an **tSeirbhís Náisiúnta Oidhreachta Tógtha (NBHS), An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0 nó trí ríomhphost BHIS@housing.gov.ie

## ACHOIMRE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

Tabhair do d’aire, le do thoil, go gcaithfidh gach oibreacha arna gceadú ag deontas na ceanglais reachtúla go léir a chomhlíonadh, cead pleanála san áireamh, agus sa chás go bhfuil oibreacha beartaithe ar shuímh/séadchomharthaí atá cosanta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004, ní mór cloí leis na ceanglais reachtúla maidir le fógra a thabhairt nó le toiliú an Aire faoi na hAchtanna sin. Ní mór don iarratasóir an t-Údarás Áitiúil a shásamh gur féidir iad seo a fháil roimh thús na n-oibreacha agus dóthain ama a fhágáil chun iad a chríochnú roimh spriocdhátaí na scéime. Beidh gach doiciméad a chuirtear isteach mar chuid d’iarratas faoi réir SF. Le liosta iomlán de théarmaí agus de choinníollacha a fháil, féach le do thoil ar Chiorclán na Scéime Infheistíochta Oidhreachta Tógtha, atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin gach údaráis áitiúil.

**Ba cheart oibreacha beartaithe a dhéanamh de réir na gcaighdeán dea-chleachtais** mar atá leagtha amach i *dTreoirlínte na Roinne um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta d’Údaráis Phleanála* (2011), agus i bhfoilseacháin na Sraithe Comhairle https://www.buildingsofireland.ie/resources/. Ní mór aird a thabhairt freisin ar na treoirlínte um Phróiseas Seandálaíochta agus Pleanála arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, agus bileoga treorach eisithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) maidir le gnáthóga agus speicis nuair is cuí.

## SEICLIOSTA D’IARRATASÓIRÍ SIOT 2026

Liostaítear sa mhéid seo a leanas réimse faisnéise agus ábhar tábhachtach nach mór a chur san áireamh in aon iarratas:

1. An bhfuil an méid maoinithe atá á lorg liostaithe agat i d’iarratas?
2. An bhfuil ainm agus seoladh na maoine atá le maoiniú curtha san áireamh agat?
3. An bhfuil Éirchód ag an maoin?
4. An bhfuil uimhir theagmhála curtha san áireamh agat i d’iarratas?
5. An bhfuil Caiteachas Iomlán an tionscadail i d’iarratas?
6. An bhfuil méid an Chaiteachais Comhoiriúnaithe liostaithe agat i d’iarratas?
7. Ar chuir tú iarratas isteach ar HSF nó ar aon leithdháileadh eile de Mhaoiniú eile ón Státchiste?
8. An ndearna tú teagmháil le gairmí caomhnaithe maidir leis an tionscadal?
9. An bhfuil Ráiteas Modhanna ó Ghairmí/Chonraitheoir Caomhnaithe san áireamh i d’iarratas, lena n-áirítear aon ábhar breise a theastaíonn uathu?
10. An bhfuil grianghraif den struchtúr san áireamh i d’iarratas?
11. An gcomhlíontar na Ceanglas Reachtúil go léir?
12. An ndearna tú sonraí an tionscadail a liostáil i d’iarratas?
13. An ndearna tú Foirm Iarratais A a líonadh isteach?
14. An ndearna tú na doiciméid riachtanacha bhreise go léir a chur san áireamh i d’aighneacht chuig d’Údarás Áitiúil?